Rúnaí / Fáilteoir– Conradh Cuspóra Seasta – Saoire Mháithreachais a chlúdach

Is mian le TG4 Rúnaí / Fáilteoir a earcú a bheidh lonnaithe sa gCeannáras i mBaile na hAbhann chun tréimhse saoire máithreachais a chlúdach. Ag freagairt don Bhainisteoir Oifige, beidh an Rúnaí / Fáilteoir freagrach as :

- Dualgais an phríomhfháilteora a chomhlíonadh
- Dualgais ghinearálta riaracháin
- Fáilte a chur roimh chuairteoirí, custaiméirí agus aíonna

An Ról

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach as do stuaim féin agus go héifeachtach i dtimpeallacht spreagúil. Beifear ag súil go mbeidh tú dírithe ar an obair, go mbeidh ardscileanna cumarsáide agat, teacht i láthair taitneamhach, ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann agus taithí chruthaithe agat i ról den chineál céanna.

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Eolas maith ar ríomhairí (sárthuiscint ar Excel, MS Office, ar na hArdáin Meán Sóisialta) agus an cumas córais nua a fhoghlaim go tapa

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach, i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí riaracháin agus ar obair fáiltithe.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

Is ón 9:00-14:00, ó Luan go hAoine na huaireanta oibre a bheidh i gceist chomh maith le laethanta saoire agus tinnis a bheith le clúdach.

Is 4pm Dé Máirt an 20 Deireadh Fómhair an spriocdháta d'iarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie.

Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.